

CNOC CHATHAIL ÓIG

Tá cuan taobh thiar den chnoc idir an cnoc agus Daimhinis a mbíodh soithigh a' tigeacht ann fadó. Cuan Chaisin atá air. Tháinig soitheach ann fadó, bhíodar a' rádh gur soitheach Spáinneach a bhí innte. Bhíodar tamall mór ann agus bhíodar a gul amach a' foghailéarach, muinntir na loinge. Sé an t-ainm a bhí ar an gcaiptín Cathal Ó Flaithearta. Bhí sé a'gul thart sa mbaile seo a bhfuil an cnoc ann. Rinne sé suas le bean óg a bhí ann de mhuinntir Fhínidh. Pébrí sgéal é d'imthigh an caiptín nuair a bhí sé sgathamh maith ann agus sheol sé leis. Bhí an bhean fágtha in éindigh le n-a hathair agus le beirt dreathár. Casadh trioblóid ar an mbean annsin agus nuair a fuair na dreatháracha amach é d'imthigh siad agus níl fhios cá ndeachaidh siad. Níor chuireadar tuairisg uatha ariamh. Níor fritheadh tuairisg ná faisnéis araimh ortha.

Bhí mac óg ag an mbean óg. Sé an t-ainm a tugadh air Cathal Ó Flaithearta, b'shin é Cathal Óg. Faoi cheann bliana aríst tháinig an caiptín aríst – Sean-Chathal, agus bhí an mac beirthe roimhe agus d'fhan sé sgathamh mór agus phós sé féin agus an bhean. Nuair a bhí sé sgathamh maith pósta agus an páiste cruadh roinnt d'fhág sé Cathal Óg in éindigh leis an seanathair agus d'fhág sé an oiread airgid aca agus gur fhéad an seanfhear duine a íoc a thóigfeadh an páiste dhó. D'imhtigh an caiptín annsin agus a bhean in éindigh agus níor tháinig ceachtar aca ar ais don tír.

Nuair a bhí Cathal Óg suas ina fhear phós sé agus bhí mac aige. Sé an t-ainm a thugaidís ar an mac seo Brian Dubh. Sé an áit a ndeachaidh sé ina chomhnaidhe amach go Leitir Móir. Agus ba mac do Bhrian Dubh Seán Bán a bhí ina chomhnaidhe i bPoll Uí Mhuirinn in Oileán Ghorumna. Bhí triúr mac ag Seán Bán agus inghean. Éamonn Ó Flaithearta a bhí ar dhuine acab, Proinsias a bhí ar dhuine eile acab. Bhí sé ina chomhnaidhe i dTír Ní, agus ar Inse Mhac Eine. Tá cuid dá bhunadh i gcomhnaidhe annsin. Liam a bhí ar an tríomhadh mac. Bhí sé ina chomhnaidhe i mBaile na Cille, Cuigéal. Bean de Mháilligh na gCaorán a bhí ina mháthair. Bhí Máirtín Ó Máille na gCaorán ina chomhnaidhe ar na Caoráin, ar aghaidh Chuan Chasla. Is as sin a chuaigh sé go hÁrainn. Tá sé luaidhte ag an Reachtabhrach – Fiadhach Sheáin Bháin.

An inghean a bhí ag Seán Bán rinne sí cleas go bhfeiceadh sí pictiúr an fhir a phósfadh sí sa gcleas. Chuaigh sí amach lá ar chnocán in aice leis an gcaoláire. Bhí soitheach a' gul aniar an caoláire go Gaillimh. Bhí gloine ag inghean Uí Fhlaithearta agus chonaic sí ar an soitheach an fear a bhfaca sí a phictiúr sa gcleas. Níor stop sí ariamh go ndeachaidh sí go Gaillimh agus d'innis sí an sgéal do chaiptín na luinge. D'innis sí dhó gur aithnigh sí gurb é a chonnaic sí sa gcleas. Phósadar ar an bpointe agus chuaigh sí chun fairrge i néindigh leis.

Éamonn a bhí ina chomhnaidhe i Leitir Móir bhí go leor talmhan aige. Bhí an Máimín aige, Gleann Treasna, an Druim, Seanach-a-Mheas, Poll Uí Mhuirinn, Baile na Cille, Leitir Móir agus Eanach Feadhain. Bhí an méad sin bailte aige agus tionóntaí ag íoc cíós leis. Bhí go leor

bád aige agus b'as Gorumna uilig an méad bádóirí a bhí aige. Bhíodh chuile dhuine a bhí i ndon a' déanamh ceilpe ó Lá Bealtaine go lá Samhna. Chaithidís a ghul dá dhéanamh má b'olc maith leob é. An fheamainn dhubh a bhíodh dá baint acab le haghaidh na ceilpe. Ní raibh a malairt dá dóghadh an t-am sin. Na daoine a bhíodh a' déanamh na ceilpe bhíodh brácaí aca ar an gcladach ar an coraidheacha a mbídís dá déanamh agus bhídís a' codladh agus ag ithe ins na brácaí gan iad a fhághail ach a triomú na feamainne agus dá dóghadh.

Cheannuigheadh Éamonn Ó Flaithearta an cheilp uatha agus chuireadh sé chun bealaigh go Gaillimh í.

Bhíodh na bádóirí dá tabhairt go Gaillimh ina gcuid bád féin. Bhí na Flaitheartaigh ann ariamh go dtáinig an droch-shaoghal agus ní raibh na tionóntaí i ndon tada a thabhairt dhóibh. Ach b'as an mac óg a d'fhág an caiptín ina dhiaidh a baisteadh an cnoc a bhfuil Cnoc Chathail Óig air. D'imthigh na Flaitheartaigh ach tá an cnoc ann agus beidh go deo.

I gCill Mhuirbhe dhom Lá Fhéil Peadair agus Póil 1933. Is amhlaidh a bhí an sgéalaidhe in Árann romham nuair a tháinig mé isteach indé. Thug Robin Flower isteach é ón gCuigéal i mbád seoil go gcluineadh Robert Flaherty a' sgéalaidheacht é féachaint a ndéanfadh sé cúis don sgaineán.

Sé an t-Éamonn Ó Flaithearta atá luaidhte i gCnoc Chathail Óig a raibh Sinéad Ní Sheachnasa pósta aige. Cailleadh é i bhfad roimhe Shinéad. D'fhág sé beirt mhac a cailleadh ina bhfearaibh óga roimh a máthair. Proinnsias a bhí ar fhear aca. Sé an Frank Óg é atá luaidhte san amhrán "Peigí Leitir Móir." Níor thaithnigh sé leis an máthair go raibh sé san amhrán. Is ar léas a bhí na bailte ag Éamonn Ó Flaithearta. Ba le Prionnsach Thír Eoghain an talamh.